AN tÁITRITHEOIR
<<FOAINM>> <<AINM DÍLIS>>
<<UIMHIR AN tSEOLTA>>
<<SRÁIDAINM>>
<<BAILE>>
<<POSTCHÓD>>

Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde (GTÉST)
Aonad Lárnach Suirbhéanna
Teach Colby
Cúirt an tSrutháin Mhilis
BÉAL FEIRSTE
BT9 5RR

Tag.: LCF <<UA>>

Tá do Líon Tí tábhachtach

A Áitritheoir a chara,

Tá mé ag scríobh chugat le hiarraidh ort cuidiú le Suirbhé Líon Tí GTÉST tábhachtach. Is í GTÉST an Ghníomhaireacht Staidrimh oifigiúil do Thuaisceart Éireann í agus d'fhéadfá gur chuala tú faoi chuid dár dtorthaí a bhí luaite sa nuacht le déanaí.

Roghnaíodh do líon tí le páirt a ghlacadh sa Suirbhé ar Chostais Mhaireachtála agus ar Bhia. Tá muid ag iarraidh ar do líon tí páirt a ghlacadh sa suirbhé seo sa dóigh is gur féidir linn leanstan ar aghaidh staitisticí tábhachtacha, cruinne agus iontaofa a dhéanamh.

Cad é a chaithfidh tú a dhéanamh?

Tá muid ag déanamh ár n-agallamh suirbhé go léir ar an ghuthán faoi láthair. Mar gheall nach bhfuil na sonraí teagmhála gutháin againn do do líon tí, bheadh muid an-bhuíoch díot dá dtiocfadh leat cuairt a thabhairt ar **www.nisra.gov.uk/respond** nó scairt ghutháin a chur orainn ar **07511213432** nó ar **02890 255111** le ham níos fóirsteanaí a shocrú dár n-agallóir scairt ghutháin a chur ort leis an suirbhé a dhéanamh. Beidh ár n-agallóirí ar fáil i rith an lae, sa tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine.

Déan teagmháil linn a luaithe agus is féidir leat le do thoil. Mura gcluinfidh muid uait, d'fhéadfadh agallóir cuairt ghairid a thabhairt ar do theach le scaradh sóisialta i bhfeidhm le níos mó eolais a thabhairt faoin suirbhé agus faoin dóigh ar féidir leat páirt a ghlacadh ann. Tá cárta aitheantais ag gach agallóir GTÉST chun tusa a chur ar do shuaimhneas.

Cad é mar a oibreoidh an próiseas?

Déanfaidh ár n-agallóir an suirbhé leat. Beidh sé furasta agus simplí le déanamh. Beidh fáilte roimh gach duine (16 bliana d'aois no níos sine) ó do líon tí páirt a ghlacadh ann. Ní bheidh eolas speisialta de dhíth ort le páirt a ghlacadh ann. Síleann formhór na ndaoine a ghlacann páirt inár suirbhéanna go raibh sé sultmhar agus an-suimiúil.

Go Raibh Maith Agat! Leis an tábhacht a chuireann muid ar do chuidiú, gheobhaidh gach duine (16 bliana d'aois agus níos sine) a ghlacann páirt **£50 de dhearbháin is féidir leo malartú le hairgead tirim a fháil in Oifig Poist ar bith.** Tá dearbhán £5 faoi iamh mar bhuíochas as an am a ghlacadh le machnamh a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh sa staidéar.

Tuilleadh Eolais Le tuilleadh eolais a fháil faoi GTÉST, léigh an leabhrán eolais atá faoi iamh leis an litir seo. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar www.nisra.gov.uk/central-survey-unit fosta nó scairt ghutháin a chur ar ár bhfoireann ar na huimhreacha thuasluaite.

Láimhseálfar eolas ar bith a thabharfaidh tú faoi rún agus ní úsáidfear é ach do chuspóirí staitisticiúla. Coinneoidh muid d'eolas slán sábháilte. Is féidir leat teacht ar ár bhFógra Príobháideachais ar shuíomh idirlín GTÉST ag: **www.nisra.gov.uk/nisra-privacy-notice**.

Tá muid ag súil le comhfhreagras uait.

Is mise le meas,

Brian Green

An Stiúrthóir do shuirbhéanna, GTÉST